



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 4 EAGRÁN 2

MÁRTA - AIBREÁN 2017

## TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Éamonn Ó Catháin R.I.P.	2
Uibheacha agus Coiníní na Cásca	3
Scéal grinn	3
An Mheicnic Chandamach	4
Turas go dtí an tSeapáin - II	5
Scrudú oifigeach in Ypres	6
Saoire sa Bhotsuáin	7
Scoilt	8
Ceolta Tí Bhuichid - II	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Teileagram Zimmermann	11
Báicéireacht don Cháisc	12



## TUAIRISC AN CHOIMISINÉARA

Bhí scéal ag **Tuairisc.ie** i dtús mhí Aibreáin faoi thaighde nua ó Oifig an Choimisinéara Teanga. Ba é tuairim an Choimisinéara Teanga, Rónán Ó Domhnaill, go bhfuil *“an córas maidir le líon agus caighdeán na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ón Stát “ar seachrán” agus “dultha i ndísc”*. Bíonn ar chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú chun a thaispeáint conas a chuirfidh siad feabhas ar a sheirbhísí Gaeilge. Leanann an scéim ar feadh 3 bliana agus ansin cuireann siad plean nua le chéile chun tógáil ar na spriocanna atá bainte amach sa chéad scéim. Ba é cuspóir na reachtaíochta ná go mbeadh feabhas ag teacht ar na seirbhísí Gaeilge de réir a chéile. Taispeánann an tuairisc seo gur minic a dhéanann an córas *“laghdú”* seachas méadú ar *“líon agus caighdeán na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge”*. *“Is léir go bhfuil teipthe ar chóras na scéimeanna teanga”* agus go bhfuil géarghá *“córas nua a bhunú”*, de réir Rónán Ó Domhnaill.



Tá 13 bliana caite ó tháinig an córas i bhfeidhm agus níl aon scéim teanga aontaithe ag timpeall dhá thrian de na 398 gcomhlacht poiblí a thagann faoi scáth an Achta. Níor ullmhaigh 60 comhlacht, ar iarraidh scéim uathu, ceann fós. Cuireadh an t-iarraitas chuig seacht gcinn acu naoi mbliana ó shin, nó níos mó. Is soiléir go bhfuil neamhaird á déanamh ag an gcuid is mó de na comhlachtaí ar a ndualgas don Ghaeilge. Ba chóir go gcuirfeadh an tuairisc seo deargfhearg ar aon duine atá báuil leis an nGaeilge. Níl a gcearta daonna á bhfáil ag Gaeilgeoirí na tíre seo.

Tá moltaí déanta ag an gCoimisinéir faoi malairtí a chuirfeadh go mór le héifeacht na reachtaíochta agus tá súil aige go dtabharfar aird orthu. Níl mórán muiníne agam as na polaiteoirí agus go n-éistfidh siad leis. Neosfaidh an aimsir an scéal.

## CEACHT BEAG GAEILGE: AN BHREISCHÉIM AGUS AN SÁRCHÉIM



Nuair atá beirt duine nó dhá rud á gcur i gcomparáid le chéile baintear feidhm as na focail “níos (**breischéim/comparative** na haidiachta) ná...”.  
Nuair atá triúr duine nó trí rud á gcur i gcomparáid le chéile baintear feidhm as an bhfocal “is (**sárchéim/superlative** na haidiachta)...”.

**Is ionann foirm na haidiachta don bhreischéim agus don tsárchéim.**

Caolaítear aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan is cuirtear **-e** leo:

fuar, níos/is fuair**e** (**colder, coldest**); trom, níos/is troim**e** (**heavier, heaviest**)  
ach athraíonn **-ach** go **-aí**; **-íoch** go **-íche**; **-aíoch** go **-aiche**

Cuirtear **-e** le haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol:

mín, níos/is míne (**finer, finest**); minic, níos/is minice (**more/most often**);  
ach athraíonn **-úil** go **-úla**; **-each** go **-í**; **-air** go **-ra**.

Ní athraítear focail a chríochnaíonn ar ghuta:

beoga, níos/is beoga (**livelier, liveliest**); teasaí, níos/is teasaí (**more/most fiery**)

**Aidiachtaí neamhrialta:** álainn/áille (**lovely**); beag/lú (**small**); breá/breátha (**lovely**); dian/déine (**hard**); fada/faide (**long**); fliuch/fliche (**wet**); furasta/fusa (**easy**); gearr/giorra (**short**); leathan/leithne (**wide**); maith/fearr (**good**); mór/mó (**big**); nua/nuaí (**new**); olc/measa (**bad**); ramhar/raimhre (**fat**); saibhir/saibhre (**rich**); tapa/tapúla (**fast**); te/teo (**hot**); tréan/treise (**strong**)

### Éamonn Ó Catháin R.I.P

Seán Ó Meara



“Ó Catháin anseo”. Guth seasmhach neamhbhalbh, b’shin é Éamonn dá gcuirfeá scairt air. Mar sin do sé bhí riamh: an Gaeilgeoir; captaen foirne Uí Thuathail a bhuaigh Craobhchomórtais Iománaíochta na gClubanna; an freastalaí Aifrinn i séipéal trí pharóiste; an cigire CIÉ; an ball Chiorcal Comhrá éagsúil (cuid acu bunaithe aige féin); an múinteoir rince seit; is ár gcara dílis i gCiorcal Comhrá Ráth Eanaigh thar na blianta.

B’shin Éamonn - coinsiasach, freagrach, diongbháilte ina phrionsabail. Bhíodh sé i gcónaí in am, ag faire, ag fáiltiú, ag spreagadh agus ag léiriú an ghrá a bhí aige dá Theanga Dhúchais. Amanna eile bhíodh sé ag caint faoin a áit dúchais, An Port Thoir, nó an ceangal a bhí ag a chlann le Dún

Bhuinne na Mí agus le Gaeilgeoirí na laethanta siúd, ina measc MacGiollaChríost Ó Broin.

Thabharfadh sé fáinne dá chuid féin mar mhisniú do chailín a bheadh ina hábhair mhúinteora. Bhí sé i gcónaí ag iarraidh feabhas a chuir ar an gCiorcal féin is a mhodhanna oibre. Bhí an caighdeán sin le feiceáil i ngach a rinne sé, cibé acu teanór Chór na hEaglaise nó fear tí chóisir Nollag.

Bhí sé linn nuair a bunaíodh an Ciorcal. D’fhág sé é ar feadh roinnt blianta ach d’fhill sé orainn tar éis bhás a mhná céile, Máire. Bhraitheamar go mór de dhíth é ag deireadh a shaoil ach táimid cinnte má bhíonn Flaitheas ann go mbeidh sé i bhfad níos Gaelaí anois is Éamonn ann ag caint lena chairde naoimh ina dTeanga Dhúchais!

Abair paidir ar ár son a Éamoinn agus sín do lámh chugainn nuair a thiocfaidh ár n-uair féin.

Seán Ó Meara ar son Ciorcal Comhrá Ráth Eanaigh

## UIBHEACHA AGUS COINÍNÍ NA CÁSCA

Pádraig Mac Éil

Cé gur Féile Chríostaí í an Cháisc tagann cuid de thraidisiúin na Cásca ón bpágántacht agus ó ghnásanna torthúlachta (*fertility rites*) thús an Earraigh.

Don Chríostaí is comhartha í an ubh d'aiséirí Chríost ón tuama. Bhí cosc ar ithe uibheacha i rith an Charghais (*Lent*) fadó agus b'fhéidir gur saghas ceiliúradh dheireadh an choisc seo ar Dhomhnach na Cásca an traidisiúin uibheacha a mhaisiú don fhéile. Tá an nós coitianta san Eaglais Cheartchreidmhach (*Orthodox*) - bíonn an eiseamláir is ealaíonta níos ornáidí ná uibheacha Fabergé.



Níl aon tagairt do choinín (*rabbit*) ná do ghiorria (*hare*) sa Tiomna Nua. Tháinig traidisiúin "Choinín (Ghiorria) na Cásca" ón bpágántacht. Tá cáil ar an gcoinín (agus ar an ngiorria) as a thorthúlacht. Chreid Plinias, Plútarc agus daoine eile gur heirmeafraidíteach é an giorria. Deirtear gur thóg Gearmánaigh Liútaracha a dtraidisiúin faoi ghiorria (*Osterhase* nó *Oschter Haws*) a bhí in ann uibheacha a bhreith go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá sna 1700í. Thógadh na páistí neadacha agus bheireadh (*laid*) an giorria uibheacha daite iontu. Ní thugadh an giorria uibheacha do pháistí dána!



## SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí Bríd agus Máirtín ag dul amach chun béile a fháil i mbialann ghalánta roimh fhreastal ar dhráma in Amharclann na Mainistreach. An rud deireanach a bhí le déanamh acu sular fhág siad an teach ná a gcat a chur amach. Tháinig an tacsáí ach nuair a bhí siad ag dúnadh an dorais chun dul chuige thapaigh an cat a dheis agus rith sé ar ais sa teach. "Gheobhaidh mé é", dúirt Máirtín agus chuaigh sé ar thóir an chait. Lean Bríd ar aghaidh go dtí an tacsáí agus shuigh sí isteach. Ní raibh fonn uirthi go mbeadh fios ag an tiománaí go mbeadh an teach folamh nuair a d'imeodh ise agus a céile agus mar sin dúirt sí leis, "tá m'fhear céile thuas staighre ag fágáil sláin do mo mháthair. Beidh sé linn faoi cheann nóiméid". Tamall ina dhiaidh sin tháinig Máirtín chucu, ag cur allais agus cuma fheargach air. Shuigh sé isteach sa tacsáí in aice a mhná agus dúirt sé léi, "Is oth liom bheith chomh fada sin ach bhí an t-amadán i bhfolach faoin leaba agus bhí orm í a phriocadh cúpla uair le scuab sular tháinig sí amach. Féach, scríob sí mo lámh go dona. Bheadh sé níos fearr dúinn fáil réidh léi." Bhí ionadh ar an tiománaí bocht ach ní dúirt sé faic.



### Foclóirín

ag dul - *going*; béile - *meal*; bialann - *restaurant*; galánta - *posh*; freastal - *attend*; dráma - *play*; Amharclann na Mainistreach - *Abbey Theatre*; deireanach - *last*; le déanamh - *to do*; sular - *before*; fág - *leave*; tacsáí - *taxi*; ag dúnadh - *closing*; thapaigh a dheis - *seized its opportunity*; ar ais - *back*; gheobhaidh mé - *I will get*; ar thóir - *in pursuit of*; ar aghaidh - *onwards*; shuigh sí - *she sat*; fonn - *inclination*; tiománaí - *driver*; folamh - *empty*; a d'imeodh - *would go*; ise - *herself*; a céile - *her husband*; thuas staighre - *upstairs*; ag fágáil sláin - *saying good-bye*; faoi cheann nóiméid - *in a minute*; tamall - *while*; ina dhiaidh sin - *after that*; ag cur allais - *perspiring*; cuma fheargach - *angry appearance*; in aice - *beside*; is oth liom - *I am sorry*; amadán - *fool*; i bhfolach - *hiding*; faoin leaba - *under the bed*; a phriocadh - *poke*; scríob sí - *she scratched*; go dona - *badly*; níos fearr dúinn - *better for us*; fáil réidh léi - *get rid of her*; ionadh - *surprise*; go dona - *badly*; ní dúirt sé faic - *he kept his mouth shut*;




## AN MHEICNIC CHANDAMACH

Antóin Ó Seaghdha


De ghnáth, bíim ag caint faoin saol fadó i gCiarraí agus an tslí bheatha chrua a bhí ag feirmeoirí, ach deir daoine, “*Bíonn na feirmeoirí i gcónaí ag gearán faoi rud ar bith*” agus mar sin ní chreideann siad mo scéalta in aon chor. Mar sin táim ag athrú an ábhair “beagánín” ón bhfeirmeoireacht go Meicnic Chandamach ([Quantum Mechanics](#)). “*Cad é seo?*” a deir tú, “*Ciarraíoch ag caint faoi Mheicnic Chandamach, an bhfuil deireadh leis an saol mar a thuigimid?*”. Ar aon nós, cúpla oíche ó shin sa bhaile, bhíos ag ligean mo scíthe agus ag ól gloine uisce beatha nuair a dúirt mé le mo bhean chéile, “*Nach bhfuil an saol an-aisteach*”. “*Sin an dara gloine atá ólta agat anois,*” a dúirt sí.

Seo mo scéal faoi **An Turgnamh Scoiltín Dúbailte (The Double Slit Experiment)**.

Léaráid 1: 2 scoiltín  
 Má tá foinse ([source](#)) solais agat ag lonradh ar bhalla trí phláta ina bhfuil dhá scoiltín comhthreomhara ([parallel slits](#)), titeann an solas ar an mballa mar shraith bhandáí bána (léaráid 1). Taispeánann seo nádúr toinne ([wave nature](#)) an tsolais.


Tá sin ceart go leor nuair a bhíonn muid ag caint faoi sholas. Anois cad a tharlaíonn nuair a úsáideann muid ‘adamh’ ([atom](#)) in ionad an tsolais.


Cuimhnigh ar ‘adamh’ mar ghráin ghainimh. Má dhúnaim scoiltín 1 agus las an gunna adamhach, anois ní fheicim ar an mballa, ach banda amháin de ‘adainmh.’

Léaráid 2:  
 Anois má osclaím an dá scoiltín, cad a fheicimid ar an mballa? Ba dhóigh leat go mbeadh dhá bhanda le feiceáil, ach ní mar a shíltear a bhítear. Feiceann tú bandaí cosúil leis an solas i léaráid 1 thuas. Rud an-rúndiamhair, tarlaíonn an rud céanna má scaoilim adainmh aonaracha i ndiaidh a chéile le moill eatarthu. Sin a rá go bhfuil

**adamh ag dul tríd an dá scoiltín ag an am céanna**, ach is cáithnín amháin é an t-adainmh. An bhfuilimid á rá go bhfuil a fhios ag adamh amháin go bhfuil adamh eile ag teacht ina dhiaidh. Tá saghas ‘ceangal’ eatarthu. Ach conas a tharlaíonn sé sin? An bhfuil ciall ag adamh? Ach níl inchinn aige, an bhfuil?

An greideann tú an scéal sin? Níor chreid na saineolaithe ach oiread. Dúradar go mbeadh orthu trealamh tomhas ([detector](#)) a chur ar scoiltín 1 chun an rud go léir a mheasúnú.

Léaráid 3:  
 Cad a tharla nuair a chuireadar an trealamh tomhais isteach? (Tá sé deacair a chreidiúint). Nuair a rinneadh é sin, chonacthas, ón trealamh, go raibh 50% de na hadainmh ag dul trí scoilt 1 agus 50% ag dul tríd scoilt 2 (Léaráid 4) agus nach raibh ach dhá bhanda ar an mballa. Ach sé an cheist ná, cén fáth go bhfuil difríocht idir Léaráid 3 agus Léaráid 4, mar níl difríocht eatarthu ach an Trealamh tomhas?

Léaráid 4:  
 Cad a tharlaíonn nuair a bhainim an chumhacht ([disconnect the power](#)) den trealamh tomhas? Féach ar Léaráid 5, tá na bandaí go léir ar ais. Mar sin, nuair a dhéanaimid iarracht aon tomhas a thógáil, téann na hadainmh mar a fheiceann tú ar Léaráid 4 agus nuair a stopann tú an trealamh tomhas, téann siad mar a fheiceann tú ar Léaráid 5. I bhfocail eile, ní maith leis na hadainmh, muidne a bheith ag féachaint orthu!! ([Are you looking at me!!](#)). Nach bhfuil sin ait. An bhfuil aon fhreagra agatsa air? Má tá, scríobh chuig na daoine atá i gceannas an duais Nobel!

Nach bhfuil saol an-aisteach. Sláinte anois, tá mo ghloine uisce beatha beagnach folamh!

## TURAS GO DTÍ AN tSEAPÁIN - II

Raymond Taylor

Rinne mé uainíocht (**alternated**) ar thurais i dtimpeallacht Kyoto le háiteanna níos faide amuigh. Áit spéisiúil amháin a bhí ar barr mo chláir oibre ná Caisleán Himeji. Athosclaíodh é le déanaí tar éis blianta fada faoi athdheisiúcháin. Caisleán Chorr Báine (**White Heron**) a thugtar air freisin mar gheall ar an gcuma ealaíonta (**elegant**) bhán atá air agus meastar go forleathan gurb é an caisleán is mórthaibhsí (**spectacular**) sa tSeapáin. Tá an caisleán ainmnithe ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA/UNESCO) chomh maith, mar Láithreán Oidhreachta Domhanda (**World Heritage Site**). Críochnaíodh é sa bhliain 1609 AD agus níor scriosadh riamh é ag cogadh, tine ná crith talún, murab ionann agus go leor caisleán eile sa tír. Tagtar ar phríomh-dhaingean (**keep**) an chaisleáin trí roinnt bábhún (**baileys**) atá ceangailte le geataí agus le camchosáin (**winding paths**) chun go moilleofaí lucht ionsaithe. Tá gach urlár an daingin níos lú ná an ceann faoi agus sroichtear é trí staighre an-ghéar (**very steep**). Tá ar thurasóirí an lae inniu dreapadh suas an staighre cosnochta (**barefoot**) mar, ar nós thromlach (**majority**) na séadchomharthaí (**monuments**) stairiúla sa tSeapáin, ní chheadaítear bróga a chaitheamh istigh iontu .




Ba mhórtharraingt (**major attraction**) eile é Teampall Todai-ji i Nara. B'í Nara príomhchathair na Seapáine idir 710 agus 794 AD, roimh Kyoto agus roimh



Thóiceo. Tógadh teampall ar an suíomh seo don chéad uair sa bhliain 752 AD. Is sa bhliain 1692 AD a tógadh an foirgneamh atá ann faoi láthair agus níl sé ach dhá thrían (2/3) mhéid an bhun-teampaill. D'ainneoin sin (**in spite of that**) tá sé ar an bhfoirgneamh adhmaid is mó ar domhan fós. Caithfidh sé bheith mór mar is istigh ann atá an dealbh chré-umha (**bronze statue**) den Bhúda is mó ar domhan (tugtar *Daibutsu* uirthi – is é sin “*Búda Ollmhór*”). Is Láithreán Oidhreachta Domhanda eile de EOECNA an suíomh seo. Is í an Sinteochas (**Shintoism**) príomhreiligiún dúchasach na Seapáine ach níl an Búdachas, a tháinig ón Chóire sa 6ú haois, i bhfad ar gcúl. Comhlánaíonn (**complement**) an dá reiligiún seo a chéile agus tuigeann mórán Seapánach (**identify with**) don dá cheann acu. B'í Nara bunsuíomh mór an Bhúdachais sa tSeapáin.



Bhí fonn mór orm cuairt a thabhairt ar an mbaile gleoite Tsumago freisin. Suite i lár na Seapáine, agus ar An Nakasendo (Bóthar trí na Sléibhte), tá sé ar cheann de na “bailte phoist (**post towns**)” (ionaid sosa do thaistealaithe) is fearr caomhnaithe sa tír. Sa seansaol feodach bhí an Nakasendo ina príomhbhealach intíre idir Kyoto agus Edo (darb ainm



Tóiceo anois). Bhain “*daimyo*” (tiarnaí feodacha) lena ngarda cosanta samúraí, ceannaithe agus oilithrigh feidhm as an mbealach sin. Bhí iarrachtaí an-mhór déanta ag muintir na háite fáil réidh le gach comhartha nua-aimsearthacht. Tá cosc ar ghluaisteáin ar an tsráid mhór i rith an lae. Cuirtear i bhfolach línte gutháin agus cáblaí cumhachtaí. Is féidir leat a shamhlú go bhfuil tú tar éis dul siar ar bhóithrín na smaointe cúpla céad bliain. Chomh dócha lena athrach sin an fáth gur scannánaíodh roinnt drámaí stairiúla ansin.






## SCRUDÚ OIFIGEACH i YPRES

Deasmhumhain Mac Gearailt

Tar éis an dara cath ag Ypres (nó “Wipers” mar a thug na saighdiúirí ar an áit) sa Chéad Chogadh Domhanda, bhí a lán saighdiúirí ó Éirinn marbh agus ina measc cuid mhaith de na hoifigigh den chéim is ísle a bhí in ann ordaithe a thabhairt i nGaeilge do na saighdiúirí nach raibh aon chumas acu ar an teanga ghallda. An chuid díobh nach raibh marbh, bhíodar in ospidéal agus iad gortaithe go dona. Agus nach raibh gá le hoifigigh den ísealchéim sin a raibh ar a gcumas An Plean Beartaíochta (Plan of Campaign) a bhí ag an Tiarna Kitchener (An



Rúnaí Stáit Cogaíochta) a chur in iúl do na saighdiúirí nach raibh ach Gaeilge acu?

Máirtín agus Séamus, beirt shaighdiúirí den scoth dar leis an Maor (Major), cheap seisean gur throideadar go maith sa chath agus chuala sé go raibh Béarla ar fheabhas agus flúirseach na Gaeilge acu beirt.

Cé gurbh fhíor nár chuala sé féin focal Gaeilge ó chuaigh sé ar scoil i gColáiste Eton i Sasana ba chuimhin leis fós na scéalta faoi Oisín agus Niamh Chinn Óir, faoi Dheirdre agus Naoise agus Conchubhar Mac Neasa a chuala sé ó Mháire Mháirtín Mhóir a bhí ina alra leanaí (children’s nurse) sa teach mór a raibh sé ina chónaí ann. Is ea bhí Gaeilge aige tráth agus anois agus é ag éisteacht le Gaeilge á labhairt anseo sna trinsí, bhí a thuiscint ar an nGaeilge ag teacht thar nais dó. Chuirfeadh sé agallamh ar Mháirtín ar dtús chun a fháil amach an mbeadh sé ciallmhar go leor chun a bheith ina oifigeach den chéim is ísle in Arm na Breataine Móire. Ghlaoi sé ar Mháirtín agus chuaigh seisean isteach. Bhí ionadh ar an bhfear óg nuair do labhair an Maor as Gaeilge leis. “A Mháirtín”, arsa an Maor leis, “dá rachadh piléar isteach i súil amháin de do shúile, cén caoi ina mbeifeá?”. “Bheinn-se leath-dhall, Sor”, d’fhreagair Máirtín. “Agus dá rachadh piléar isteach i do shúil eile cén caoi ina mbeifeá?”. “Do bheinn-se dall ar fad, Sor”. “Go maith, a Mháirtín, Abair le Séamas teacht isteach”.



Dúirt Máirtín le Séamus gurbh iad na freagraí ar na ceisteanna “Bheinn-se

leath-dhall agus dall ar fad, is iad sin na

freagraí”. Chuaigh Séamus isteach. “Anois, A Shéamus”, arsa an

Maor, “dá mba rud é gur phléasc sliogán tréanphléascach i d’aice agus d’fhág sé thú gan ach cluas amháin cén caoi a mbeifeá?” “Do

bheinn leath-dhall, Sor”, arsa Séamus. “Agus a Shéamus abair liom

anois dá mba rud gur tharla an rud céanna i d’aice ar an taobh eile diot, cén caoi a mbeifeá?” “Bheinn-se dall ar fad, Sor”. “Anois, a

Shéamus, cén fáth go mbeifeá dall tar éis do chluasa a chailleadh, bheinn-se ag ceapadh gur bodhar a mbeifeá”. “Féach ar an gclogad

nó hata stáin a thug rí Shasana dom”, arsa Séamus, “an uair a chaillfinn-se cluas amháin thitfeadh an clogad

istigh i mo chlogad. An uair a chaillfinn an dá chluais bheadh mo dhá shúil istigh faoin gclogad agus gan faic na fríde le feiceáil agam. Agus níl trealamh éisteachta agam i mo chluasa ach istigh fúthu i mo cheann. Is amhlaidh mar sin nach mbeinn-se bodhar toisc go gcaillfinn mo chluasa, chomh fada as go mbeidh fuaim nó fothram ag dul isteach i bpoill mo dhá chluais”.

Fuair Máirtín agus Séamus an t-ardú céime a bhí uathu.



## SAOIRE SA BHOTSUÁIN

Seosamhín Ruiséil

I mí Eanáir 2017 chuaigh mé féin agus mo chara ar safari go dtí an Bhotsuáin (**Botswana**). B' shin an tríú huair dúinn ar an saoire chéanna. Tír iontach mhór í ar thaobh thuaidh Ghaineamhlach Khahlari ach níl ach dhá mhiliún de dhaonra inti. Ghnóthaigh An Bhotsuáin neamhspleáchas i 1966 ó Impireacht na Breataine. An Bheachuanlainn (**Bechuanaland**) an seanainm a bhí ar an tír. Daonlathas atá ann anois.



Bhí scannán i mBaile Átha Cliath le déanaí, “*A United Kingdom*”, a phlé le neamhspleáchas na




Botsuáine agus na deacrachtaí a bhí ag an gcéad uachtarán, Seretse Kama, nuair a phós sé bean den chine gheal. Bhí deacrachtaí le sárú aige ar gach taobh ach d'éirigh leis an tír a aontú. Bhí an t-ádh liom an scannán a fheiceáil roimh thaistil dom mar thug sé tuiscint níos fearr dom ar an tír. Tá mac don lánúin sin, Ian Kama, ina uachtarán ar an tír faoi láthair.

Chonaiceas é agus a ghardaí cosanta i Lóiste Ghéim Chobe (**Game Lodge**), áit ina rabhamar ag fanacht. Bhí sé ag ithe dinnéir cúpla slat uaim. Is breá leis bheith i measc na ngnáth daoine. Is áit an-ghalánta í Lóiste Ghéim Chobe. Phós Elizabeth Taylor agus Richard Burton ann i 1975 agus nuair a scaradar óna chéile ina dhiaidh sin thug Elizabeth suim mhór airgid don ospidéal áitiúil.

Chuamar amach go dtí an lóiste sa díthreabh (**bush**) ar eitleán beag. Ní raibh ach an bheirt againn taobh thiar den phiólóta agus sinn ag eitilt 5,000 troigh ar airde. D'fheicfeá na crainn agus an deilt (**delta**) thíos fúinn. B'iontach an radharc é.




San am atá thart bhíodh an gnáth duine ag brath ar sheilg ainmhithe chun iad féin a chothú ach i láthair na huaire braitheann siad ar na hainmhithe céanna chun airgead a thuilleamh i dtionscal na turasóireachta. Tá béim mhór ar chaomhnú na timpeallachta faoi láthair. Is iad na



carranna leictreacha a úsáideann siad ag tiomáint amach i measc na n-ainmhithe. Chun na hainmhithe a fheiceáil caithfidh tú dul amach ar a chúig a chlog ar maidin nuair atá an aimsir bhreá fhionnuar. Tá cáil ar An Bhotsuáin de bharr na tréada eilifintí.

D'fhéadfá cúpla céad a fheiceáil ag iníor (**grazing**) in aon lá amháin. Chaithfeá meas a bheith agat orthu agus gan dul ró-chóngarach dóibh.



Bíonn formhór na dturasóirí ar thóir an liopaird. Is ainmhí an-chliste é agus is féidir leis é féin a cheilt go rímhaith san fhéar fada nó thuas ar chrann. Tháingamar ar liopard tar éis dó fia beag a mharú. Bhí corp an ainmhí aige thuas ar bhrairse chrainn agus go leor le nithe aige ar feadh trí lá. Bhí seans maith againn breathnú air. Ní raibh fonn ar bith air teitheadh ar eagla go dtiocfadh na hiolair chun corp an fhia a sciobadh uaidh. Tá éanlaith de gach saghas agus gach uile dhath le feiceáil. Caithfidh mé fillleadh arís agus tuilleadh eolais a fháil orthu.





## SCOILT

Seán Ó Fearghail

Bhí mé ag ócáid le déanaí a raibh gach duine ag labhairt na Gaeilge ann. Bhí bean óg amháin ann a rinne mé iarracht comhrá a bheith agam léi, ach bhí uirthi admháil nach raibh mórán Gaeilge aici. Cé gur tógadh a tuismitheoirí le Gaeilge sa Ghaeltacht dhiúltaigh siad an Ghaeilge a labhairt le chéile sa teaghlach ná leis na páistí. Dúirt sí gur mór an náire di na laethanta seo nach bhfuil an teanga aici agus go raibh sí ag tosú ar ranganna sa phríomhchathair. Chuir an mionchomhrá sin ag smaoineamh mé. Thosaigh mé ag smaoineamh ar an mbearna atá idir an bhean óg sin agus stair agus cultúr a ceantair dhúchais, agus ar na deacrachtaí a bhíonn aici cumarsáid cheart a dhéanamh lena seanmhuintir féin.



Agus níos leithne fós, thosaigh mé ag smaoineamh ar an scoilt thubaisteach idir muintir na tíre seo agus ár gcultúr de bharr chaill na teanga. Tá níos mó i gceist i dteanga ná comhrá idir bheirt i dteach tábhairne. Mura mbíonn an teanga aige, feicfidh gach Éireannach a bhfuil oideachas agus léann aige ar dhrámaí Shakespeare mar chuid dá dhúchais féin ach ní bheidh an dearcadh céanna aige i leith na leabhar a scríobh Seathrún Céitinn. Beidh sé in ann slám ([great quantity](#)) mór línte de chuid Milton a reic ([recite](#)) ach ní aithneoidh sé an fhilíocht a chum Aodhagán Ó Rathaille. Beidh sé in ann gach bean chéile de chuid Henry VIII a ainmniú, ach ní bheidh fhios aige cé mhéad fear céile a bhí ag Gráinne Uí Mháille. Nuair a bhíonn staraí Éireannach, nach bhfuil ar a chumas aige/aici an Ghaeilge a léamh, ag iarraidh scríobh faoi chogaí Chromail, bíonn sé/sí ag brath ar na cuntais a scríobh lucht a chomhaimsire ([his contemporaries](#)) Sasanach in áit na dtuarascálacha a rinne muintir na hÉireann ag an am. Do mhórchuid mhuintir na hÉireann ar na saolta seo ([nowadays](#)) tá smaointe agus barúlacha na ndaoine a d'imigh tríd an bhfulaingt ba mheasa i rith an Ghorta Mhóir, na daoine ba bhoichte nach raibh ach an Ghaeilge acu, go hiomlán i bhfolach ([hidden](#)).



Is féidir a rá go bhfuil muintir na hÉireann, den chuid is mó, aineolach ar stair agus ar dhúchas a dtíre féin, toisc nach bhfuil aon teacht acu ar thuairiscí na ndaoine a mhair trí na himeachtaí. Níl acu ach aistriúcháin don Bhéarla nó na startha a scríobh coilínigh.

Agus tá an chuma chéanna ar an scéal i gcónaí. Anuraidh san [Irish Times](#) foilsíodh léirmheas ar leabhar faoi shaol na mban a ghlac páirt in Éirí Amach 1916. D'úsáid an scríbhneoir, mar fhoinsé, na litreacha a scríobh na mná céanna. Ach, ós rud é go raibh an chuid ba mhó de na litreacha i nGaeilge bhí air aistriútheoir a fháil chun Béarla a chur orthu. Ní raibh mé cinnte go mbeinn in ann iontaoibh cheart a chur in aon léargas a thabharfadh an leabhar sin. Ní gá dom a rá nár cheannaigh mé an leabhar.

Is trua é, ach is fíor go bhfuil muintir na hÉireann scoite óna ndúchas de bharr chailliúint na teanga.

#### Imeacht na n-Iarlaí : Tadhg O Cianáin

Ag so páirt do scéaloib agus d'imtheachtuib Uí Néill ón uair forfhágoip sé Éire. Ar tús buí O Néill a ffochair Iuistis na Héirenn, Sir Artuir Sitsestar, a m-Baili Shláine. Do ghlac sé leitir ó Sheón Bat dia dardaoin, in seachtmadh lá Septembris, a aois in Tigerna in tan sin míle agus sé chétt agus seacht mbliadhna. Bui ar in litir remhráite go ttáinic Maguidir *Cúchonnacht Maguidir*, Donnchadh O Briain, Matha óg O Maeltuile, Seón Rat, go loing fFrangcaigh a gcomhairchiss Uí Néill agus Ierla Thíre Conaill go cuan Suiligi Móire as urchomair Rátha Maoláin a fFánait. Gapuis O Néill a ched a



## CEOLTA TÍ BHUICHID - II

Derick Moicléir

Bhí Cormac mac Airt ina Ardrí ar Éirinn an uair sin. Lá amháin agus é i gCeanannas na Rí chuaigh sé amach go moch ag marcaíocht. Chonaic sé cailín álainn ag crú seacht mbó. Bhí dhá shoitheach aici agus chuir sí an chuid ab fhearr den bhainne i soitheach faoi leith. Ansin thóg sí uisce as sruthán, agus arís chuir sí an t-uisce ba ghlaine, an t-uisce as lár an tsrutháin, i soitheach faoi leith. Tar éis sin, chuaigh sí ag baint luachra i gcomhair na leapacha, agus choimeád sí an luachair ab úire i mbeart leis féin. Chuir áilleacht an chailín áthas croí ar an Ardrí Cormac, agus lean sé ag faire uirthi ar feadh na hama seo. Faoi dheireadh labhair sé léi.

"A chailín", arsa Cormac, "Cén duine go bhfuil tú ag roinnt amach dó an chuid is fearr den bhainne agus den uisce agus den luachair?"

"Do dhuine go bhfuil sé tuillte go maith aige", d'fhreagair Eithne, "fear a tugadh onóir mhór dó go dtí le déanaí. Agus dá mbeadh bia nó deoch ní ba fhearr agam is dó siúd a thabharfainn é".

D'fhiafraigh an tArdrí ainm an duine fhiúntaigh seo.

"Buichead a ainm", dúirt Eithne, "is as Cúige Laighean dó agus sin é a bhothán thall".

"Chuala mé trácht air cheana," arsa Cormac, "agus is dócha mar sin gur tusa Eithne, iníon Chathaoir Mhóir?"

"Is mé", arsa Eithne.

"Ba mhaith liom thú mar bhean chéile agam féin", arsa Cormac.

Ach níor aontaigh Eithne é a phósadh go dtí gur gheall an tArdrí saibhreas a bhronnadh ar Bhuchead i gcúiteamh an tsaibhris a baineadh de. Fuair Cormac cead ó Bhuchead agus ó Chathaoir Mór Eithne a bheith aige mar bhean. Pósadh iad ansin, agus dhein Cormac ní ba mhó ná an méid a gheall sé. Ní hamháin tréada móra muc agus bó agus capall a thug sé do Bhuchead, ach seoda agus fáinní óir chomh maith.



Thaisteal Buichead ar ais go Cúige Laighean leis an saibhreas go léir agus d'oscail sé an brú arís. An babhta seo níor bhaol dó aon drochiompar ó dheartháireacha Eithne mar bhí sé anois faoi choimirce an Ardrí. Bhí Buichead lán de lúcháir nuair a bhí an brú faoi lán-tseol, daoine uaisle agus ísle ag teacht isteach ag tabhairt onóra is bronntanas dó is ag caitheamh a mbéilí go sultmhar sásta. Agus is dócha gur tháinig an tArdrí agus a bhanríon Eithne ar chuairt chun Buichid ó am go ham, agus gur thugadar leo a mac óg, Cairbre, leanbh go raibh sé i ndán dó féin a bheith ina Ardrí i ndiaidh a athar.

Thug Buichead isteach trí bhanna ceoil gach oíche, mar níor mhaith leis na daoine fleá gan cheol. Caoga fear a bhí sa chéad bhanna, éadaí corcra orthu, iad ag cantain le linn dos na daoine a bheith ag ithe agus ag ól. Caoga cailín sa dara bhanna, gruaig órbhuí ag gach éinne acu, gúnaí corcra orthu agus iad ag cantain ag deireadh an bhéile. Caoga cruitire a bhí sa tríú banna, agus sheinnidís siúd ceol go maidin. Ach dúirt gach éinne gurbh é an ceol is fearr sa bhrú ná gáire áthais Bhuchead is é ag fáiltiú roimh na cuairteoirí!






# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-26


TRASNA

sÍOS










1	bat (6)
5	pride (6)
9	freeze (3)
11	architect (7)
12	radiance (7)
13	ink (4)
14	from the South (5)
16	opportunity (4)
18	infant (3)
20	covetousness (6)
22	welcome (6)
25	case (3)
25	stretch (3)
26	ease (2)
27	foam (3)
29	strike (6)
32	axis (3)
34	trough (4)
36	letter (5)
37	soul (4)
40	bashing (7)
41	condiment (7)
42	new (3)
43	foreman (7)
44	statute (6)

2	vice (7)
3	failure (4)
4	humour (6)
5	proposals (6)
6	regimen (4)
7	angel (7)
8	goddess (6)
10	broken (6)
15	waterfall (3)
17	bakery (5)
19	poems (5)
21	czar (3)
22	vision (3)
23	secretion (3)
26	brush (5)
28	strange (3)
30	wonderful (7)
31	hurley (5)
32	acquaintance (6)
33	zither (6)
35	here (5)
38	paste (4)
39	golden (4)



**CUARDACH FOCAL 26**  
feithidí 1 / insects 1

T	Í	M	R	I	E	T	Á	S	R	O	D	S	C	S
E	B	E	I	C	H	G	E	B	N	R	O	R	E	E
I	H	C	E	C	H	A	E	S	Í	L	I	C	S	A
R	G	C	A	H	N	C	R	A	G	O	I	R	C	N
N	Ó	E	I	G	C	L	G	C	I	Ó	P	A	Ó	G
Á	B	M	Á	O	G	I	D	H	O	R	R	Ó	G	A
D	M	N	F	L	H	I	O	I	L	A	I	A	A	N
H	U	C	N	Ó	Á	F	O	F	C	D	O	L	I	M
G	B	M	R	C	B	C	N	A	O	O	C	O	L	C
A	M	L	O	Í	M	U	B	R	L	I	M	I	S	O
E	F	I	C	H	E	E	S	U	O	R	H	M	E	I
R	C	O	R	N	I	Á	G	O	L	C	Í	L	A	C
T	E	I	R	M	N	Í	T	G	Ó	R	O	I	C	H
T	Í	R	I	E	T	S	I	A	C	Ó	L	C	H	E


	beach (bee)	gailseach (earwig)
	bumbóg (bumble-bee)	foiche (wasp)
	ciaróg (beetle)	lócaiste (saki)
	ciocáid (cicada)	míol (louse)
	cloigín (dor beetle)	priocmhíol (biting louse)
	cornfhoiche (hornet)	seangan (ant)
	criogar (house cricket)	teirmít (termite)
	dorsán (bush-cricket)	treaghdán (head louse)



### TEILEAGRAM ZIMMERMANN

Pádraig Mac Éil

In Eanáir na bliana 1917 bhí an dá thaobh sa Chéad Chogadh Domhanda i sáinn (**stalemated**). Bhí Stáit Aontaithe Meiriceá (SAM) neodrach. Ansin d’athraigh teileagram dhioplómaitiúil rúnda, teachtaireacht leathanach amháin ó Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine, Artúr Zimmermann, go dtí a ambasadóir i Meicsiceo, an stair. Mhol an teachtaireacht comhaontas (**alliance**) idir An Ghearmáin, Meicsiceo agus an tSeapáin i gcás gur cheangail SAM leis an gcogadh in aghaidh na Gearmáine. Dúirt na Gearmánaigh go dtabharfadh siad na Stáit, Texas, Arizona agus New Mexico, ar ais do Mheicsiceo.



Ag an am bhí na Gearmánaigh ag baint feidhme as cáblaí dioplómaitiúil SAM (bhí a cháblaí féin scriosta ag na Briotanaigh). Chuaigh an teachtaireacht ó ambasáid SAM i mBeirlín, go Cóbanhávan agus ar aghaidh go Londain agus trí stáisiún athsheachadta (**relay station**) i Porthcurno (“Port an Choirn”) cóngarach do Land’s End. D’idircheap (**intercepted**) na Briotanaigh na teachtaireachtaí go léir ansin agus seoladh cóipeanna díobh chuig na códscaoilteoirí (**codebreakers**) i Seomra 40 san Aimiréalacht (**Admiralty**) i Londain. Bhí rúnscríobh (**cipher**) na nGearmánach i seilbh acu. Bhí deacrachtaí ag Rialtas na Breataine i dtús an scéal a phoibliú mar chuirfeadh sin in iúl do na Meiriceánaigh go raibh siad ag cóipeáil na teachtaireachtaí dioplómaitiúla agus do na Gearmánaigh go raibh a rúnscríobh acu. Scaip siad scéalta bréaga agus cheap na Gearmánaigh go bhfuair siad cóip den nóta ó spiaire i Meicsiceo.

Nuair a d’atosaigh na Gearmánaigh a n- ionsaithe neamhshrianta (**unrestricted**) ar loingseoireacht (**shipping**) lena fomhuireáin (**submarines**) i dtús Feabhra scar (**severed**) SAM le caidreamh taidhleoireachta (**diplomatic relations**) leo. Thug na Briotanaigh Nóta Zimmermann do SAM ar an 19ú Feabhra. Bhí daoine amhrasach faoin scéal i dtús ach i Márta d’admhaigh Zimmerman go raibh sé fíor. Chuir an scéal alltacht (**outrage**) ar phobal agus ar pholaiteoirí SAM. D’iarr an tUachtarán Woodrow Wilson ar Chomhdháil (**Congress**) na Stát Aontaithe cogadh a fhógairt ar an nGearmáin agus rinneadh sin an 6 Aibreán 1917.

**CROSFHOCAL BG XBG-25: RÉITEACH**

1	G	2	L	U	3	A	I	4	S	5	B	R	6	Í	S	7	T	E
8	A	A	I	9	T	U	A	O	O	10	Ó							
11	S	A	O	I	R	S	E	12	R	A	C	H	M	A	S			
	C	M	E	A	D								H	T				
13	L	Ú	T	H	14	O	L	C	A	S	15	C	A	D	Ó			
	Á	H	17	G	18	L	U	S	19	L	I	I						
20	N	I	A	N	N	21	A	I	22	A	I	M	S	23	I	R		
						24	A	I	S	L	I	N	G		Ú			
25	M	Ó	26	B	O	S	E	28	A	I	F	I	R	30	T			
31	Á	L		I	32	L	O	33	M	M	S	E						
34	I	A	35	T	A	36	C	O	G	A	R	37	S	T	U	A		
	R	I	38	B	B	R	39	R	E	C								
40	T	Ó	R	R	A	M	H	41	A	C	A	D	A	M	H			
43	F	Ó	M	H	A	I	R	44	A	I	N	M	H	Í				

**CUARDACH FOCAL 25: RÉITEACH**

M	A	R	Ó	G	P	F	E	R	A	L	O	I	B	N
L	E	B	I	L	I	R	P	A	E	A	E	G	S	Í
E	L	A	I	N	I	C	R	I	G	E	N	Ó	P	R
L	I	O	R	L	I	O	N	A	N	Í	C	R	I	G
I	T	S	I	O	N	A	M	Ú	C	Ú	Á	A	D	S
T	N	O	P	N	G	A	L	O	I	B	I	E	A	P
N	S	L	R	T	N	Ó	G	R	A	L	O	M	R	E
I	O	Í	Á	L	I	S	D	I	Ó	L	A	E	S	
L	I	P	T	N	M	É	Ú	T	S	A	T	A	R	P
L	L	I	A	I	A	I	L	N	É	Í	R	U	C	R
O	R	O	R	D	E	E	O	N	N	D	N	A	S	
I	R	B	P	R	I	L	I	R	I	B	O	I	P	É
B	I	A	T	A	S	F	B	I	O	L	Á	R	A	A
M	A	R	Ó	G	D	Ó	L	A	E	S	P	B	A	R

**SEANFHOCAL**  
Nochtann grá gnaoi  
Beauty is in the eye of the beholder





## BÁICÉIREACTH DON CHÁISC

Máire Blundell

Tá traidisiún fada le báicéireacht don Cháisc (**Easter**) mar, tar éis An Charghais (**Lent**), tá na daoine ag súil go mórán a gcéalacan a bhriseadh (**to break their fast**). An chéad rud atá le hullmhú ná crosbhorróga (**Hot Cross Buns**) mar Lá Aoine an Chéasta (**Good Friday**) is é an lá a itear iad sin – te ón oigheann . Tá spíosraí sa bharróg seo i gcuimhne na spíosraí a cuireadh ar chorp Chríost tar éis a bháis agus cuirtear cros ar a barr i gcuimhne chéasadh Chríost.

Is cuimhin liom an t-am sna seachtóidí (in the 70's) nuair a bhí mé ag obair i Londain in Óstán mór. Ní bhíonn a lán béime ar reiligiúin in Óstáin ach bhácáil an príomhchócaire crosbhorróga do gach duine. Bhí áthas orm na cístí “naofa” seo a fháil mar chailín caitliceach maith as Éirinn mé! Thaitin siad go mór liom freisin mar bhia blasta!

### Oideas (**recipe**) do Chrosbhorróga

#### Comhábhair (**ingredients**)

- 2 ½ taespúnóg giosta triomaithe gníomhach (**active dried yeast**),
- 1 cupán bainne (scallta/**scalded**) ½ cupán rísíní,
- 1/3 cupán siúcra, ¼ cupán ime,
- 1 taespúnóg shalainn, 3 ½ cupán plúir bháin
- 2 spúnóg bhoird siúcra, 1 ubh,
- 1 spúnóg bhoird craiceann (**zest**) oráiste,
- 1 spúnóg bhoird bainne. ¼ cupán uisce,
- 1 cupán siúcra reoáin (**icing sugar**),



#### Treoracha (**Instructions**):

- (1) Cuir na rísíní ar maos (**soak**) in uisce alathe (**warm**) ar feadh fiche nóiméad.
- (2) Measc (**mix**) an giosta agus an t-uisce bogthe (**lukewarm**) agus fág i leataobh ar feadh cúpla nóiméad.
- (3) Measc an bainne scallta (ní bruite!) leis an siúcra agus leis an im. Fan go dtí go mbíonn an t-im leáite agus an siúcra tuaslagtha agus an meascán (**mixture**) bogthe.
- (4) Measc uimhir a (3) le huimhir a (2), anois, agus cuir an ubh agus an craiceann oráiste isteach leis an meascán.
- (5) Ansin cuir an plúr isteach agus measc go mall é go dtí go mbíonn taos (**dough**) bog agat. Cuir na rísíní (gan an t-uisce) isteach agus measc gach rud arís.
- (6) Clúdaigh (**cover**) an meascán ar feadh leathuaire go dtí go mbíonn sé ardaithe (**risen**).
- (7) Gearr an meascán agus roinn é ina dhá liathróid déag mhíne. Cuir ar an tráidire bÁCála iad. Clúdaigh an tráidire ar feadh leath uaire arís chun an meascán a ardú.
- (8) Chuir an t-oigheann ar 375 °F/190 °C, Gás uimhir 5. Cuir an tráidire bÁCála ann agus bÁCáil ar feadh 20 nóiméad (dath órdhonn).

Nuair a bhíonn na borrhóga ag bÁCáil cuir an t-uisce (1/4 cupán) le 2 spúnóg bhoird siúcra i sásan beag agus téigh go dtí go mbíonn an siúcra tuaslagtha (**dissolved**). Nuair a bhíonn na borrhóga réidh cuir an glónra (**glaze**) seo orthu. Déan na crosa leis an siúcra reoán agus spúnóg bainne.

Anois bí ag fiuchadh (**boil**) do chiteal agus déan an tae!!



**Císte Simnel** : as Sasana an císte eile seo atá ceangailte leis an gCáisc. Tagann a ainm, deirtear, ó ainmneacha bhuachaill darbh ainm Simon agus a dheirfiúr Nell. Bhí gá acu císte álainn a chócaráil dá máthair. Chuir siad a lán torthaí agus spíosraí agus prásóg almóinne (**marzipan**) ann. Bhí an císte an-bhlasta agus anois itear é ar Dhomhnach na Cásca.